Leabhrán Eolas d'larrthóirí

poistphoiblí publicjobs

Cléireach Sinsearach Oibreacha (Meicniúil agus Leictreach)

in Oifig na nOibreacha Poiblí

Dáta Dúnta: 3i.n. ar an Déardaoin 25 Meán Fómhair 2025

Comórtas oscailte do cheapachán sa phost seo a leanas:

Cléireach Sinsearach Oibreacha (Meicniúil agus Leictreach)
in Oifig na nOibreacha Poiblí

UA an Chomórtais: 25202

Aonad 2 um Earcaíocht Ghairmiúil agus Theicniúil

Teagmháil le: Gráinne O'Neill

Ríomhphost: midvolrecruitment@publicjobs.ie

URL: www.publicjobs.ie

Tá poistphoiblí tiomanta do dheiseanna comhionannais agus cuirimid fáilte roimh iarratais faoi na naoi bhforas san Acht um Chomhionannas Fostaíochta.

Reáchtálfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an feachtas earcaíochta seo de réir na gCód Cleachtais do Phoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a d'ullmhaigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) agus atá ar fáil ar www.cpsa.ie.

Is éard atá i gceist le poistphoiblí ná an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, a bunaíodh faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004-2013.

CLÁR NA nÁBHAR

Cúlra 3

An Ról 3

Nasc chuig na Príomhchoinníollacha Seirbhíse 5

Riachtanais Iontrála 6

Nasc chuig na Príomhinniúlachtaí 7

Nasc chuig eolas faoi Cháilitheacht chun dul san Iomaíocht agus faoi Shrianta Áirithe maidir le Cáilitheacht 7

Próiseas an Chomórtais 8

Dáta Dúnta 9

Próisis Roghnaithe 9

Iarrthóirí faoi Mhíchumas 10

Nósanna Imeachta Athbhreithnithe agus Gearáin 11

Nasc chuig Eolas Ginearálta faoin gComórtas 13

Cléireach Sinsearach Oibreacha (Meicniúil agus Leictreach)
Oifig na nOibreacha Poiblí

Cúlra
Is soláthraí tábhachtach don Rialtas í Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) Tá éiteas atá dírithe ar an gcliant i bhfeidhm, chun a chinntiú go gcuirtear seirbhísí ar fáil in am agus chun luach ar airgead a sholáthar. Tá na freagrachtaí seo ar an Oifig: réadmhaoin oidhreachta cháiliúil na hÉireann a chaomhnú agus a chothabháil agus bainistíocht a dhéanamh ar phunann suntasach réadmhaoine an Stáit, ina bhfuil 2,500 réadmhaoin. Cuireann sí lóistín ar fáil do Ranna Rialtais, don Gharda Síochána agus do ghníomhairí Stáit eile. Ina theannta sin, feidhmíonn OOP mar phríomghníomhaireacht i dtaca le bainistíocht riosca i dtaca le tuilte in Éirinn.

Tá tuilleadh eolais faoi OOP ar fáil ar **shuíomh gréasáin OOP**.

Rannóg na Bainistíochta Eastát
Tá Rannóg na Bainistíochta Eastát (RBE) in OOP freagrach as bainistíocht agus cothabháil a dhéanamh ar phunann réadmhaoine an Stáit atá faoin cúram. Tá sé mar aidhm ag RBE an leas, an éifeachtacht agus an luach is fearr a bhaint as punann réadmhaoine OOP agus freastal ar riachtanais oibríochta na gcliant.

Tá Cléireach Sinsearach Oibreacha á earcú ag OOP anois chun teacht ag obair ina Rannóg Innealtóireachta Meicniúla agus Leictrí.

Rannóg na hInnealtóireachta Meicniúla agus Leictrí
Tá an Príomhinnealtóir Cúnta M&L i gceannas ar an Rannóg Innealtóireachta Meicniúla agus Leictrí in Rannóg na Bainistíochta Eastát in OOP. Tá sé mar aidhm aici seirbhísí tógála Meicniúla agus Leictreacha a dhearadh, a sholáthar agus a chothabháil i bhfoirgnimh atá ann faoi láthair agus i bhfoirgnimh nua.

An Ról
Ag tuairisciú d'Innealtóir (Grád I nó Grád II) sa Rannóg Innealtóireachta M&L, beidh an Cléireach Sinsearach Oibreacha (M&L) freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar réimsí oibre M&L. Mar chuid den ról, beidh orthu suiteáil agus cothabháil na gcóras M&L a shocrú agus maoirseacht a dhéanamh orthu, cáipéisí conartha a ullmhú agus maoirseacht a dhéanamh ar obair ar an láthair.

Tá éagsúlacht mhaith sa ról agus cé go mbíonn an Cléireach Sinsearach Oibreacha (M&L) freagrach de ghnáth as déileáil le hoibreacha beaga ina réimse, is féidir go mbeidh orthu a bheith mar bhall d'fhoireann ildisciplíneach, ag obair ar thionscadail éagsúla le gairmithe tógála eile, m.sh. Ailtirí, Innealtóirí Struchtúr, Suirbhéirí Cainníochta, agus baill foirne riaracháin.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí an Róil
- Cothabháil na gcóras M&L a shocrú agus maoirseacht a dhéanamh ar an gcothabháil seo.
- Conarthaí d'oibreacha caipitil beaga a shocrú, a bhainistiú agus maoirseacht a dhéanamh orthu.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán na hoibre M&L a dhéanann conraitheoirí.
- Beartas OOP maidir le Sláinte agus Sábháilteacht a chur i bhfeidhm.
- Iniúchadh agus tuairiscí a dhéanamh ar réadmhaoin agus tionscadail
- Ardchaighdeán seirbhíse a chinntiú do gach custaiméir.
- A chinntiú go gcloítear le ach prótacal de chuid OOP i dtaca le soláthar, híocaíochta agus ceisteanna foirne.
- Comhairle agus treoir a thabhairt, de réir mar is gá, maidir le seirbhísí a chothabháil, a oibriú agus a shuiteáil.

Tabhair faoi deara: Níl sa mhéid thuas ach treoir ghinearálta i dtaca le príomhdhualgais agus príomhfhreagrachtaí an róil agus ní cur síos iomlán é. Is féidir go dtabharfar dualgais agus freagrachtaí eile atá oiriúnach don ról don cheapaí ó am go ham.

Folúntais agus Iona(i)d

Tá folúntas amháin ann faoi láthair do Chléireach Sinsearach Oibre (M&L)(, lonnaithe i nGaillimh nó i Sligeach chun ceantar an Iarthair/an Iarthuaiscirt a chlúdach (tá Co. na Gaillimhe, Co. Mhaigh Eo, Co. Shligigh, Co. Liatroma, Co. Dhún na nGall, Co. Ros Comáin agus cuid de Co. an Chabháin san áireamh faoi láthair). Socróidh an bainisteoir earcaithe an t-ionad oifige ar leith (Gaillimh nó Sligeach) i gcomhar leis an iarrthóir a n-éiríonn leo.

Cuirfear iarrthóirí a n-éiríonn leo sa chomórtas ar phainéal in ord fiúntais chun aon fholúntais a thagann chun cinn (má thagann) a líonadh in oifigí OOP i nGaillimh agus i Sligeach nó aon fholúntais do Chléirigh Shinsearacha Oibre (M&L) a thagann chun cinn (má thagann)a líonadh i mBaile Átha Luain (Co. na hIarmhí), i gCathair Chorcaí, i gCathair Bhaile Átha Cliath, i gCathair Chill Chainnigh, i gCathair Luimnigh, i mBaile Átha Troim (Co. na Mí) agus i gCathair Phort Láirge.

Agus an fhoirm iarratais á comhlíonadh acu, is féidir le hiarrthóirí 2 ionad, ar a mhéad, ina mbeadh siad sásta glacadh le post a roghnú. Má ghlacann tú le post san ionad a dtairiscítear duit, bí ar an eolas go gciallaíonn sé sin nach ndéanfar thú a mheas do phost san áit eile ar léirigh tú suim inti.

Táthar ag súil leis nach ndéanfar ceapacháin ón gcomórtas seo tar éis mhí Dheireadh Fómhair 2027.

An Timpeallacht Oibre

Déanfar an obair ar an láthair, sa bhaile agus san oifig, agus beidh ar an gceapaí taisteal a dhéanamh agus fanacht in áiteanna eile thar oíche ó am go ham. Is féidir go n-athrófar an timpeallacht oibre, ag brath ar an gcineál oibre atá ar siúl. Íocfar costais taistil agus liúntais chothaithe nuair is cuí, de réir ghnáthrialacháin na Státseirbhíse.

Forbraíodh Polasaí OOP um Obair Chumaisc agus tá sé á chur i bhfeidhm de réir Pholasaí na Státseirbhíse um Obair Chumaisc de réir riachtanas gnó.

Oiliúint agus Forbairt

Tá sé mar aidhm ag OOP a chinntiú go dtugtar an tacaíocht agus an chabhair atá ag teastáil do gach ball foirne ionas gur féidir leo barr a gcumais a bhaint amach san eagraíocht. Mar chuid dá stráitéis leis an aidhm seo a bhaint amach, cuireann an Rannóg M&L deiseanna ar fáil do bhaill foirne lena scileanna gairmiúla agus lena n-eolas a fhorbairt i réimse leathan inniúlachtaí. Tugtar oiliúint ghairmiúil, theicniúil, TFC agus bhainistíochta chun baill foirne a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí ábhartha. Spreagtar baill foirne chun deiseanna a thapú freastal ar chúrsaí ábhartha.

Buntáistí

Is iad seo a leanas cuid de na buntáistí a bhaineann le bheith ag obair mar Chléireach Sinsearach Oibreacha (Meicniúil agus Leictreach) in OOP:

- Tuarastal a thosaíonn ag **€54,527** agus incrimintí bliantúla atá bunaithe ar fheidhmíocht shásúil;
- Pinsean Earnála Poiblí;
- 23 lá saoire sa bhliain, ag ardú go 29 lá i ndiaidh roinnt blianta sa ghrád.
- Mar aon le saoire bhliantúil, beidh an deis ag an gceapaí uaireanta breise a chur le chéile tríd an gcóras fleisc-ama agus 1.5 lá *in lieu*, ar a mhéad, a fháil i ngach tréimhse 4 seachtaine, ag brath ar riachtanais ghnó agus tréimhse phromhaidh shásúil;
    - Obair sholúbtha agus tiomantas do chothromaíocht oibre agus saoil agus ionad oibre atá oiriúnach do theaghlaigh (lena n-áirítear socruithe postroinnte agus roghanna éagsúla i dtaca le saoire speisialta);
    - Scéim um Bhliain Oibre Níos Giorra;
    - Deis cur isteach ar shosanna gairme;
    - Deiseanna foghlama agus forbartha, lena n-áirítear rochtain ar scéim um aisíoc táillí, saoire staidéir ar íocaíocht agus saoire scrúdaithe ar íocaíocht.
- Rochtain saor in aisce ar gach suíomh oidhreachta bainistithe de chuid OOP;
- An scéim um rothaíocht chun na hoibre;
- Rochtain ar Chomhar Creidmheasa na Seirbhíse Poiblí;
- Ceadúnas d'iompar poiblí a chabhraíonn le daoine cáin a shábháil.

Eolas Tábhachtach: Cléireach Sinsearach Oibreacha (Meicniúil & Leictreach) in OOP

Raon Tuarastail: Ó €54,527 go dtí €66,662 **Saoire Bhliantúil Tosaigh:** 23 lá

Uaireanta freastail: 35 huaire an chloig sa tseachtain (glan).

Príomhchoinníollacha Seirbhíse: CLICEÁIL ANSEO chun féachaint ar na Príomhchoinníollacha Seirbhíse a bhaineann leis an ról (an scála tuarastail iomlán san áireamh).

Dáta Dúnta an Chomórtais: Ní mór duit d'iarratas a chur ar isteach ar an suíomh gréasáin publicjobs.ie roimh **3i.n. ar an Déardaoin 25 Meán Fómhair 2025.**

Táthar ag súil leis go gcuirfear tús leis na hagallaimh i mí Dheireadh Fómhair 2025.

Mura bhfaigheann tú admháil ar d'iarratas taobh istigh de 24 huaire an chloig ó chuir tú d'iarratas isteach, seol ríomhphost chuig: **Grainne.ONeill@publicjobs.ie**

Moltar duit féachaint ar do Chlár Teachtaireachtaí poistphoiblí go rialta mar is féidir go n-aistreofar fógraí ríomhphoist faoi shonraí nua/ tástálacha/Agallaimh srl. a chuirtear chuig Clár na dTeachtaireachtaí chuig do chomhad ríomhphoist do Dhramhaíl/Thurscar. Moltar duit freisin féachaint ar na comhaid seo ar fad go minic.

RIACHTANAIS IONTRÁLA

Riachtanach

Ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a bheith acu ar an, nó roimh an 25 Meán Fómhair 2025:

1. **(a)** Printíseacht a bheith déanta acu agus a bheith cáilithe mar leictreoir i bPoblacht na hÉireann;

NÓ

(b) Cáilíocht(aí) ghairmiúil a bheith acu mar leictreoir a fuair siad lasmuigh de Phoblacht na hÉireann agus aitheantas faighte do na cáilíochtaí sin* ón gCoimisiún um Rialú Fóntas (CRU)/An Scéim 'Safe Electric'.

****Beidh ar iarrthóirí a n-éiríonn leo sa chomórtas seo a dheimhniú go bhfuil a gcáilíochtaí aitheanta ag CRU/An Scéim 'Safe Electric' sula gceaptar iad.***

Ina theannta sin, ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a bheith acu:

2. Taithí iarcháilíochta 4 bliana, ar a laghad, mar leictreoir ag obair sa timpeallacht thógtha i bhfoirgnimh thráchtála agus/nó ar shuiteálacha tionsclaíocha;
3. Taithí shásúil ar mhaoirseacht a dhéanamh ar oibreacha leictreacha mar chléireach oibreacha, mar shaoiste, mar mhaoirseoir nó i ról cosúil leis seo;
4. Taithí ar ról ceannaireachta teicniúil a ghlacadh maidir le hoibreacha nó tionscadail chasta agus cumas cruthaithe ciall a bhaint as líníochtaí agus/nó sonraíochtaí casta meicniúla agus/nó leictreacha;
5. Taithí ar a bheith ag obair mar bhall de thionscadal ildisciplíneach chun tionscadal a chur i bhfeidhm;
6. Eolas speisialtachta innealtóireachta den chéad scoth agus scileanna teicniúla a bheith acu i réimse na seirbhísí leictreacha agus an cumas comhairle agus treoir a thabhairt do dhaoine eile i dtaca le seirbhísí a chothabháil, a oibriú agus a shuiteáil;
7. Eolas láidir innealtóireachta ar sheirbhísí meicniúla agus an cumas comhairle a thabhairt do dhaoine eile i dtaca le seirbhísí a chothabháil, a oibriú nó a shuiteáil;
8. Eolas maith ar cheird na tógála agus ar rialacháin tógála;
9. Eolas maith ar Reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta;
10. Scileanna láidre cumarsáide labhartha agus scríofa agus an cumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh, trí fhriotal soiléir agus gonta a úsáid;
11. Taithí ar chruinnithe a eagrú, a bhainistiú agus/nó a stiúradh le páirtithe leasmhara éagsúla;
12. An cumas tuairiscí agus taifid oibre chruinne a ullmhú agua a choinneáil, lena n-áirítear dul chun cinn a thomhas agus a thaifeadadh;
13. Cumas cruthaithe maoirseacht agus bainistíocht a dhéanamh ar chonraitheoirí meicniúla, leictreacha agus speisialtachta;
14. Scileanna idirphearsanta agus idirbheartaíochta den chéad scoth, agus an cumas caidrimh éifeachtacha a fhorbairt agus a chothú ag gach leibhéal, go hinmheánach agus go seachtrach;
15. Scileanna eagrúcháin den chéad scoth agus an cumas obair a dhéanamh faoi bhrú, tascanna/tionscadail éagsúla agus/nó athruithe i dtosaíochtaí a láimhseáil laistigh de chonstaicí ama;
16. A bheith féinspreagtha, díograiseach, agus in ann obair a dhéanamh go neamhspleách agus/nó mar bhall d'fhoireann ildisciplíneach;
17. Scileanna maithe Teicneolaíochta Faisnéise (TF) agus cumas i bhfeidhmchláir Microsoft Office (go háirithe Excel, Word agus Powerpoint);
18. Ceadúnas tiomána reatha (Catagóir B) atá bailí in Éirinn agus gluaisteán a bheith ar fáil acu.

Chomh maith leis na nithe thuas, ní mór d'iarrthóirí na Príomhinniúlachtaí a aithníodh d'fheidhmíocht éifeachtach ag an leibhéal seo a léiriú.

Inmhianaithe

- Eolas ar Chórais Bhainistíochta Foirgneamh;
- Eolas ar chláir Speisialtachta a úsáidtear chun córais mheicniúla nó leictreacha a dhearadh;
- Solúbtha agus iad ag plé le dúshláin dhiana;
- Taithí agus/nó eolas ar an soláthar;
- Ballraíocht in Institiúid na gCléireach Oibreacha agus na gCigirí Tógála in Éirinn.

Tabhair faoi deara:

Is féidir nach gcinnteofar cáilíochtaí/cáilitheacht go dtí an chéim dheireanach sa phróiseas, mar sin i gcás iarrthóirí nach gcomhlíonann na riachtanais iomlána, ar an nó roimh na dátaí a luaitear thíos, agus a théann ar aghaidh lena n-iarratas, tá siad ag cur costais/dua gan ghá orthu féin agus ní thairgfear post dóibh san fheachtas seo.

Tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go gcomhlíonann siad na riachtanais cháilitheachta a leagadh amach thuas agus tá sé de cheart ag poistphoiblí a shocrú ag staid ar bith nach bhfuil iarrthóir i dteideal má cheapann siad nach bhfuil an cháilitheacht/cáilíochtaí riachtanacha acu m.sh. ón bhfoirm iarratais a cuireadh isteach. Is féidir go dtógfar amach as an gcomórtas am ar bith aon iarrthóir nach bhfuil in ann a léiriú go bhfuil / go mbeidh an cháilíocht/na cáilíochtaí riachtanacha acu roimh an spriocdháta a shonraítear. Ní hionann cuireadh chuig scrúdú, cuireadh chun agallaimh nó chuig aon ghné den phróiseas roghnaithe agus a rá go bhfuil iarrthóir incháilithe.

Beidh ar iarrthóirí a fhaigheann áit ar phainéal agus atá á meas do phost fianaise i gcáipéisí a chur ar fáil maidir le incháilitheacht, lena n-áirítear cáilíochtaí. **Tabhair faoi deara gur féidir go mbeidh tras-scríbhinn ag teastáil; is faoin iarrthóir atá sin, mar sin, an t-eolas seo a bheith ar fáil acu má lorgaíonn poistphoiblí é.**

CLICEÁIL ANSEO chun tuilleadh eolais a fháil faoi Cháilitheacht dul san Iomaíocht agus faoi Shrianta Áirithe maidir le Cáilitheacht

PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS

Ní mór iarratas a dhéanamh ar líne trí **www.publicjobs.ie**.

In poistphoiblí, tá muid ag bogadh chuig ardán earcaíochta nua chun ár seirbhísí agus taithí an iarrthóra a fheabhsú. De bharr na seirbhíse nua, beidh d'iarratas níos feiceálaí duit agus beidh níos mó smachta agat air.

Agus iad ag teacht ar ár n-ardán earcaíochta nua den chéad uair, ní mór d'iarrthóirí clárú mar Úsáideoir Nua chun próifíl a chruthú (cuntas nua a chlárú). Chun seo a dhéanamh, téigh chuig an bhfolúntas ar mhaith leat cur isteach air ar ár gClár Post trí chliceáil ar theideal an phoist. Tabharfar chuig an bhfolúntas thú agus beidh tú in ann cliceáil ar "Cuir Iarratas Isteach" sa rannán ar thaobh na láimhe deise ar ár suíomh gréasáin, nó ag bun an fhógra. Beidh ar iarrthóirí nár chláraigh ar ár n-ardán earcaíochta nua cheana roinnt sonraí pearsanta a chur isteach chun leanúint ar aghaidh lena n-iarratas. Beidh ort do chuntas a dheimhniú, agus ba chóir duit súil a choinneáil ar do chuntas ríomhphoist agus treoracha a leanúint chun do chuntas a dheimhniú. Bí ar d'aire nach ionann clárú (próifíl a chruthú) agus iarratas a chur isteach. Beidh cuntas ag iarrthóirí a chláraigh cheana féin agus ba chóir dóibh "Logáil Isteach" a roghnú ón rannán ar thaobh na láimhe deise ag barr an leathanaigh chláraithe nó tríd an nasc ag bun an leathanaigh.

Agus tú cláraithe agus nuair a dheimhnítear do sheoladh ríomhphoist, ní mór duit teacht ar an bhfoirm iarratais, agus a chinntiú go gcomhlíonann tú gach cuid den fhoirm iarratais agus go gcuireann tú isteach í.

Chun seo a dhéanamh, beidh ort dul ar ais chuig an bhfolúntas ar mhaith leat cur isteach air—**Cléireach Sinsearach Oibreacha**—ar an gclár post ar **www.publicjobs.ie** agus cliceáil ar "Cuir Iarratas Isteach". An uair seo, ba chóir duit an rogha "Logáil Isteach" a roghnú sa rannán ar thaobh na láimhe deise ag barr an Leathanaigh Logála Isteach. Is é an seoladh ríomhphoist atá ceangailte le do chuntas d'ainm úsáideora. Tabhair faoi deara go bhfuil d'ainm úsáideora agus do phasfhocal cásíogair.

Léigh na treoracha seo go cúramach, le do thoil. De réir mar a théann tú ar aghaidh tríd an iarratas, ag bun gach leathanaigh beidh an rogha agat brú ar "Sábháil agus Lean ar Aghaidh". Ní dhéantar an t-eolas a chuireann tú isteach a shábháil ach nuair a chliceálann tú ar an gcnaipe "Sábháil agus Lean Ar Aghaidh". Má dhúnann tú an brabhsálaí sula gcliceálann tú ar "Sábháil agus Lean ar Aghaidh" nó mura ndéanann tú aon rud ar an gcóras ar feadh 30 nóim. nó níos mó, is féidir go logálfar amach as an bhfoirm iarratais thú agus is féidir go gcaillfear do chuid eolais.

Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a líonadh go hiomlán. Tá réiltín * in aice leis na rannáin riachtanacha. Ní mór na rannáin seo a chomhlíonadh sula mbeidh tú in ann an t-iarratas a chur isteach. Is féidir leat an fhoirm a shábháil mar dhréacht agus filleadh uirthi níos déanaí, ach tabhair faoi deara nach mór duit an fhoirm a chur isteach chun go ndéanfar thú a mheas don chomórtas agus nach rachaidh dréachtaí d'iarratais ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile.

Ní mór go mbeadh tic glas in aice le gach rannán sa Rianaire i dtaca le Dul Chun Cinn sula mbeidh tú in ann iarratas a chur isteach. Téigh ar ais chuig aon rannán nach bhfuil tic glas in aice leis sa Rianaire i dtaca le Dul Chun Cinn agus beidh treoracha le feiceáil maidir leis an eolas atá ag teastáil. Bí cinnte go bhfuil gach eolas i gceart sula gcuireann tú d'iarratas isteach toisc nach féidir aon athruithe a dhéanamh i ndiaidh duit iarratas a chur isteach. Nuair a chuireann tú d'fhoirm iarratais isteach, tabharfar chuig leathanach thú ar a ndeimhneofar go bhfuarthas d'iarratas. Is féidir leat stádas d'iarratais a fheiceáil am ar bith trí logáil isteach, d'ainm a roghnú sa rannán ar thaobh na láimhe deise ag barr an leathanaigh agus "Féach ar Iarratais" a roghnú. Ag an bpointe seo, ba chóir duit **@publicjobs.tal.net** a chur le do liosta de dhaoine nó de theagmhálaithe sábháilte i do chuntas ríomhphoist chun nach gcuirfear cosc ar ríomhphost ó poistphoiblí.

Ní ghlacfar ach le hiarratais atá comhlíonta go hiomlán agus a chuirtear isteach i gceart san

fheachtas. Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar an bhfeachtas seo, nó má thugtar cuireadh chun agallaimh dóibh, ní hionann sin agus a rá go nglacann poistphoiblí leis go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais ar fad.

Teigh chuig an **Ionad Cabhrach** má tá ceisteanna agat nó má tá deacrachtaí teicniúla agat agus tú ag iarraidh bogadh timpeall an tsuímh.

Ní féidir le duine ach iarratas amháin a dhéanamh.

Dáta dúnta

Ní mór d'iarratas a chur ar isteach ar an suíomh gréasáin publicjobs.ie roimh **3i.n. ar an Déardaoin 25 Meán Fómhair 2025.** Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas taobh istigh de 24 huaire an chloig ó chuir tú d'iarratas isteach, seol ríomhphost chuig **Grainne.ONeill@publicjobs.ie**

Is dócha go gcuirfear tús leis na hagallaimh do na poist seo i mí Dheireadh Fómhair 2025.

Moltar duit féachaint ar do chlár teachtaireachtaí go rialta mar is féidir go n-aistreofaí fógraí ríomhphoist faoi shonraí nua/ tástálacha/ Agallaimh srl. a chuirtear chuig Clár na dTeachtaireachtaí chuig do chomhad ríomhphoist do Dhramhaíl/Thurscar. Moltar duit freisin féachaint ar na comhaid seo ar fad go minic.

Tá gach iarrthóir freagrach as a chinntiú go bhfuil siad ag fáil gach cumarsáide ó poistphoiblí. Níl poistphoiblí freagrach as cumarsáid nár oscail nó nach bhfuair an t-iarrthóir. Ba cheart d'iarrthóirí a bheith ar fáil ar na dátaí a leagann poistphoiblí amach agus ba cheart dóibh a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála a sholáthraítear ar an bhfoirm iarratais cruinn agus ceart.

Próisis Roghnaithe

Beidh roinnt gnéithe i gceist sa phróiseas roghnaithe don chomórtas seo. Is féidir go mbeidh ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas i gceist:

- gearrliostú iarrthóirí bunaithe ar an eolas ina n-iarratas, i gcomparáid le critéir a leagtar amach bunaithe ar riachtanais an phoist
- réamhagallamh iomaíoch
- agallamh físe réamhthaifeadta
- ceistneoir(í) ar líne a chomhlíonadh
- cleachtadh bunaithe ar thuairisc a scríobh nó cleachtaí eile
- cur i láthair nó cleachtaí eile
- agallamh deiridh a bhfuil iomaíocht ann
- agallamh ó chian
- sampla oibre/rólimirt/ cleachtadh meán, agus/nó aon triail nó cleachtadh eile a cheaptar a bheith riachtanach

Gearrliostú

Go hiondúil, is mó i bhfad na hiarratais a fhaightear ná líon na bpost a bhíonn ann, idir na folúntais reatha agus na folúntais a mbeifear á líonadh amach anseo. In ainneoin go gcomhlíonann iarrthóir riachtanais cháilitheachta an chomórtais, féadfaidh poistphoiblí cinneadh a dhéanamh líon níos lú de na hiarrthóirí a chur faoi agallamh má bhíonn an oiread sin iarrthóirí ann is nach mbeadh sé indéanta gach duine a chur faoi agallamh.

Cuireann poistphoiblí próiseas gearrliostaithe i bhfeidhm chun líon iarrthóirí, a bhfuil an dealramh orthu gurb iad is oiriúnaí don phost tar éis na foirmeacha iarratais a iniúchadh, a roghnú le dul faoi agallamh. Níltear ag tabhairt le fios go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach, nó nach bhfuil siad in ann tabhairt faoin bpost, ach go bhfuil iarrthóirí áirithe atá níos cáilithe agus/nó go bhfuil níos mó taithí iomchuí acu. Le linn an phróisis ghearrliostaithe, déanfaidh bord saineolaithe scrúdú ar na foirmeacha iarratais de réir na gcritéar gearrliostaithe, atá bunaithe ar riachtanais an phoist. Is féidir go ndéanfar caighdeán an ábhair i ngach foirm iarratais a mheas le linn an phróisis chomh maith.

Sa chás go gcuireann líon mór iarrthóirí incháilithe isteach ar chomórtas, cuirfear próiseas gearrliostaithe i bhfeidhm ina mbainfear úsáid as measúnú marcáilte ar an eolas a cuireadh ar fáil ar

an bhfoirm iarratais. Cruthófar rangú iarrthóirí ansin agus, bunaithe ar an rangú sin, tabharfar cuireadh d'iarrthóirí chuig an gcéad chéim eile den phróiseas i ngrúpaí, agus tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí sin a bhaineann na háiteanna is airde amach sa rangú ar dtús. Is féidir go dtabharfar cuireadh do ghrúpaí eile chuig an gcéad chéim den phróiseas roghnaithe le linn thréimhse an chomórtais, bunaithe ar éileamh, de réir mar is gá.

Is féidir go mbeidh critéir riachtanacha agus inmhianaithe san áireamh sna critéir ghearrliostaithe a leagtar amach don phost seo agus moltar duit, mar sin, cuntas cuimsitheach agus cruinn a thabhairt ar do cháilíochtaí/thaithí i d'iarratas. Is faoin iarrthóir féin atá sé an fhoirm iarratais a chomhlíonadh go hiomlán agus go cruinn.

Maidir le comórtais ar leith, is féidir go mbeidh ar iarrthóirí tabhairt faoi thrialacha ar líne agus cuirfear ar ghearrliosta iad bunaithe ar na marcanna a fhaigheann siad sna trialacha seo. Ní mór d'iarrthóirí dul san iomaíocht agus ceann de na háiteanna is airde a bhaint amach san ord fiúntais chun go ndéanfar iad a mheas maidir le dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile sa phróiseas roghnaithe, ina mbeidh céimeanna éagsúla, agus is féidir go mbainfear úsáid as cleachtadh gearrliostaithe, de réir mar a luadh thuas. Socróidh poistphoiblí, ó am go ham, an líon daoine a gheobhaidh cuireadh ag gach céim.

Iarrthóirí faoi Mhíchumas

Tá ról tábhachtach ag poistphoiblí maidir le hiarrthóirí ó gach carn den tsochaí a mhealladh agus maidir lena chinntiú go bhfuil rochtain ag gach duine a bhfuil suim acu i ndeiseanna gairme ar na deiseanna sin. Táimid tiomanta do pholasaí comhdheiseanna do gach iarrthóir. Má tá tú **faoi mhíchumas nó má tá socruithe réasúnta ag teastáil uait le linn an phróisis roghnaithe, molaimid go láidir duit é sin a chur in iúl dúinn** chun gur féidir linn a chinntiú go bhfaigheann tú an tacaíocht atá de dhíth ort.

Is éard atá i gceist le cóiríocht réasúnta inár bpróiseas roghnaithe ná socruithe agus athruithe praiticiúla a dhéantar chun a chinntiú go bhfuil an deis chéanna ag iarrthóir faoi mhíchumas agus atá ag gach iarrthóir eile. **Is féidir linn socruithe réasúnta a chur ar fáil d'aon chéim den phróiseas, measúnuithe ar líne, agallaimh nó cleachtaí san áireamh.** Maidir leis na socruithe a chuirimid ar fáil, tá na socruithe seo a leanas i gceist: teicneolaíocht chúnta, am sa bhreis, scríobhaithe agus/nó léitheoirí agus réimse de shocruithe eile.
Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá socruithe ag teastáil uait, bí cinnte nach mbeidh tionchar aige sin ar do dhul chun cinn sa phróiseas roghnaithe; ní bheidh tú faoi mhíbhuntáiste má thugann tú eolas dúinn faoin míchumas atá ort nó faoi na socruithe atá de dhíth ort. Coinneoimid eolas faoin míchumas atá ort/faoi na socruithe atá de dhíth ort **faoi rún daingean.**

Má éiríonn leat, **<u>ní sheolfaimid</u> eolas a thugann tú dúinn faoin míchumas atá ort ag an gcéim seo den phróiseas ar aghaidh chuig an roinn fostaíochta**, ach amháin má iarrann tú orainn seo a dhéanamh.

Má chuir tú in iúl ar d'fhoirm iarratais go mbeidh socruithe réasúnta ag teastáil uait, beidh an rogha seo a leanas agat:

A. Má bhain tú leas as socruithe réasúnta le poistphoiblí **le trí bliana anuas**, ba chóir duit sonraí faoin **gcomórtas** is déanaí donar tugadh socruithe réasúnta duit a thabhairt, mar aon le d'**UA Iarrthóra**

<u>NÓ</u>

B. Beidh ort **tuairisc ó shíceolaí/tuairisc leighis a uaslódáil** mar chuid de d'iarratas, ina bhfuil sonraí faoi do mhíchumas/riachtanais.

Tá tuairisc ag teastáil chun gur féidir linn tuiscint níos fearr a fháil ar do mhíchumas agus do riachtanais. Mar aon le d'iarratas, cabhraíonn an tuairisc linn a shocrú cén socruithe a bheadh oiriúnach duit sa phróiseas roghnaithe.

Ní roinnfear na tuairiscí ach le hAonad na Seirbhísí Measúnaithe in poistphoiblí. Maidir leis an eolas sna tuairiscí sin atá cabhrach dúinn, tá an t-eolas seo a leanas san áireamh: torthaí aon tástálacha diagnóiseacha a rinne do shíceolaí/dhochtúir, agus achoimre ón síceolaí/dochtúir ar mholtaí maidir le do riachtanais. Is féidir leat codanna de thuairiscí leighis/thuairiscí ó shíceolaí **a cheilt (a bhaint amach**) má cheapann tú go bhfuil siad íogair nó nach bhfuil gá leo.

Ná seol do thuairisc leighis/do thuairisc ó shíceolaí chugainn trí mheán an ríomhphoist – ba chóir í a uaslódáil le d'iarratas ar líne.

Má tá deacracht ar bith agat agus do thuairisc á huaslódáil agat, téigh i dteagmháil le: **professionaltechnical@publicjobs.ie**

Cinnteoidh poistphoiblí go gcuirfear do shocruithe réasúnta i bhfeidhm ar bhealach cuí ag gach céim den phróiseas roghnaithe.

Má tá **aon cheist agat faoi phróiseas na socruithe réasúnta nó faoi na socruithe a tugadh duit**, téigh i dteagmháil le **ASU@publicjobs.ie**.

Más mian leat aon cheist a bhaineann le **hinrochtaineacht** ár seirbhíse nó ár bhfoirgnimh, nó má tá tacaíocht uait ónár **dTacadóir Míchumais**, Amanda Kavanagh, téigh i dteagmháil le **edi@publicjobs.ie**

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Éagsúlacht agus faoin Ionchuimsiú, féach ar an **Mol Eolais** ar ár suíomh gréasáin. Is féidir eolas a fháil faoi inrochtaineacht ár seirbhíse a fháil ar an leathanach dar teideal **Inrochtaineacht** oar ár suíomh gréasáin.

Seiceálacha Réamhfhostaíochta

Más rud é go mbaintear d'áitse ar an bpainéal amach agus go gcuirtear faoi mheas thú do phost, ní mór tabhairt faoi roinnt seiceálácha réamhfhostaíochta sula gceaptar iarrthóir i bpost.

Déantar na seiceálacha seo chun gur féidir le poistphoiblí a dheimhniú go gcomhlíonann an t-iarrthóir na riachtanais uilig.

Sula moltar aon iarrthóir do cheapachán i bpost seo, déanfaidh poistphoiblí gach fiosrúchán a bhfuil gá leis chun oiriúnacht agus cáilitheacht an iarrthóra sin a shocrú. Tá na seiceálacha seo a leanas san áireamh: Saoránacht, Sláinte agus Dea-Cháil, Grinnfhiosrúchán a Gharda Síochána agus Imréiteach Slándála agus Seiceálacha Teistiméireachta. Sa chás nach bhfuil Saoránacht, Sláinte & Dea-cháil, Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus Seiceálacha Teistiméireachta(í) sásúil nó nach féidir iad a fháil, tá sé de cheart ag poistphoiblí iarrthóir a chur as an áireamh do cheapachán nó fostaíocht a chur ar ceal sa chás go ndearnadh ceapachán cheana.

Iarratas ar Athbhreithniú faoi na Cóid Chleachtais do Cheapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí.

Má tá iarrthóir míshásta i ndiaidh dóibh toradh a fháil d'aon staid de phróiseas roghnaithe, is féidir leo:

1. Iarratas a dhéanamh ar **Athbhreithniú ar chinneadh** a rinneadh le linn an phróisis **nó**
2. **Gearán a Dhéanamh** go raibh an próiseas roghnaithe atá i gceist míchothrom

Is féidir le hiarrthóir tabhairt faoi cheann amháin den dá nós imeachta maidir leis an ngné chéanna de phróiseas roghnaithe, ach ní féidir leo tabhairt faoin dá cheann. Sa chás gur tharla próiseas athbhreithnithe ar phróiseas roghnaithe faoi Alt 7 (de réir mar a leagtar amach thíos) den Chód Cleachtais, ní féidir le gearánaí athbhreithniú eile a lorg faoi Alt 8, seachas i gcásanna fíoreisceachtúla ar fad a shocróidh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) **ar a thoil**.

Níl aon dualgas ar poistphoiblí stad a chur leis an bpróiseas ceapacháin a fhad is atá siad ag plé le

hAthbhreithniú nó le Gearán. Tá an CCSP ag súil leis, áfach, go ndéanfaidh poistphoiblí idirghabháil, más féidir, i gcásanna ina socraíonn sí gur cosúil go ndearnadh earráid.

Iarratas a dhéanamh ar Athbhreithniú faoi Alt 7

Is féidir le hiarrthóir iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh má tá siad míshásta le haon bheart nó chinneadh a rinne publicjobs.ie. Breathnóidh poistphoiblí ar iarratais ar athbhreithniú de réir na bhforálacha a leagtar amach in **Alt 7** den Chód Cleachtais um Phoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí, a fhoilsíonn an CCSP.

Nuair a dhéantar iarratas ar athbhreithniú, ní mór don iarrthóir na fíricí a léiríonn, dar leo, go raibh an gníomh nó cinneadh a rinneadh mícheart a chur i láthair. Is féidir go ndiúltófar d'iarratas ar athbhreithniú murar féidir leis an iarrthóir fíricí a chur i láthair maidir lena gcás.

Mar chuid d'Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil, déanfar scrúdú ar aon eolas atá ar fáil maidir leis an bpróiseas earcaíochta agus maidir leis an gcinneadh a rinneadh faoi iarratas an iarrthóra. Seolfar toradh an Phróisis Athbhreithnithe Neamhfhoirmiúil chuig an iarrthóir i scríbhinn.

- Ní mór iarratas ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil a dhéanamh taobh istigh de **5 lá oibre** ó fuarthas toradh an chinnidh, agus de ghnáth, socrófar é sé idir an t-iarrthóir agus ionadaí de chuid poistphoiblí a raibh baint mhór acu leis an bpróiseas roghnaithe a riar.
- Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis díospóireacht neamhfhoirmiúil dá leithéid a bheith acu, is féidir leo iarratas ar athbhreithniú foirmiúil a lorg mar seo thíos.

Ní mór iarratas ar Athbhreithniú Foirmiúil a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre tar éis fhógra an chéad chinnidh, nó laistigh de 5 lá oibre ó fógraíodh toradh an phróisis Athbhreithnithe Neamhfhoirmiúil. Ní féidir síneadh ar na teorainneacha ama seo a cheadú ach amháin i gcás imthosca atá neamhchoitianta ar fad agus is é an Príomhfheidhmeannach amháin a dhéanfaidh an cinneadh, mar is toil leo.

- Ní mór don iarrthóir a gcúis ghearáin maidir leis an bpróiseas a chur i scríbhinn chuig an bPríomhfheidhmeannach (trí mheán an ríomhphoist chuig ceomailbox@publicjobs.ie, nó i scríbhinn chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, poistphoiblí, Áras na Caibidle, Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1), ina leagann siad amach na fíricí a léiríonn, dar leo, go bhfuil an beart a rinneadh nó an cinneadh a rinneadh mícheart.
- Déanfaidh duine atá iomlán neamhspleách ón bpróiseas roghnaithe an tAthbhreithniú Foirmiúil.

Ní foláir toradh an Athbhreithnithe Fhoirmiúil a chur in iúl don iarrthóir laistigh de **25 lá oibre** ó fuarthas an t-iarratas ar athbhreithniú de ghnáth. Mura ndéantar cinneadh de bharr an fhiosrúcháin le linn na tréimshe ama seo, ní mór do poistphoiblí an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas maidir le stádas an athbhreithnithe agus maidir le cúiseanna na moille.

Gearán a dhéanamh faoi Alt 8

Is féidir go gceapfadh iarrthóir gur sháraigh poistphoiblí Cód Cleachtais an Choimisiúin ar bhealach a chuireann as d'ionracas an chinnidh a rinneadh sa phróiseas ceapacháin. Tríd an bpróiseas gearáin is féidir le hiarrthóir gearán a dhéanamh faoi **Alt 8** chuig poistphoiblí ar dtús agus chuig an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ina dhiaidh sin ar achomharc sa chás go bhfuil siad míshásta fós.

Mar thoradh ar phróiseas Gearáin faoi Alt 8, is féidir go socróidh poistphoiblí nó an CCSP nár chloígh an próiseas earcaíochta agus roghnaithe atá i gceist leis an gcaighdeán a leagtar amach sa Chód Cleachtais. I gcásanna den chineál seo, is féidir go ndeánfaidh poistphoiblí agus an CCSP moltaí chun a chinntiú nach dtiocfaidh na deacrachtaí céanna chun cinn arís sa todhchaí. **Ní féidir leis an gCCSP ordú a thabhairt do poistphoiblí cinneadh a rinneadh le linn an phróisis cheapacháin a athrú.** Ba chóir d'iarrthóir atá ag iarraidh fiosrúchán a lorg maidir le cinneadh a rinneadh faoina n-iarratas mar chuid de phróiseas roghnaithe iarratas a dhéanamh ar Athbhreithniú faoi Alt 7, de réir mar a leagtar amach thuas.

Ní mór don ghearánaí na fíricí a léiríonn, dar leo, go raibh an próiseas mícheart a chur i láthair. Ní mór don ghearánaí an ghné den Chód a sáraíodh, dar leo, a shainaithint agus aon doiciméad ábhartha a chabhródh lena líomhain a chur leis. Is féidir go gcaithfear amach gearán ar bith murar féidir leis an ghearánaí tacaíocht a thabhairt dá líomhaintí trí thaispeáint conas nár chomhlíon poistphoiblí

prionsabail an Chóid seo.

Mar chuid den Ghearán Neamhfhoirmiúil, déanfar scrúdú ar aon eolas atá ar fáil maidir leis an bpróiseas earcaíochta. Seolfar toradh an Ghearáin Neamhfhoirmiúil chuig an iarrthóir i scríbhinn.

- Ní mór Gearán Neamhfhoirmiúil a dhéanamh taobh istigh de **5 lá oibre** ó fuarthas toradh an chinnidh, agus de ghnáth, socrófar é idir an t-iarrthóir agus ionadaí de chuid poistphoiblí a raibh baint mhór acu leis an bpróiseas roghnaithe a riar.
- Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis díospóireacht neamhfhoirmiúil dá leithéid a bheith acu, is féidir leo iarratas ar athbhreithniú foirmiúil a lorg mar seo thíos.

Ní mór Gearán Foirmiúil a dhéanamh laistigh de **5 lá oibre** tar éis fhógra an chéad chinnidh, nó laistigh de 5 lá oibre ó fógraíodh toradh an Ghearáin Neamhfhoirmiúil. Ní féidir síneadh ar na teorainneacha ama seo a cheadú ach amháin i gcás imthosca atá neamhchoitianta ar fad agus is é an Príomhfheidhmeannach amháin a dhéanfaidh an cinneadh, mar is toil leo.

- Ní mór don iarrthóir a gcúis ghearáin maidir leis an bpróiseas a chur i scríbhinn chuig an bPríomhfheidhmeannach (trí mheán an ríomhphoist chuig **ceomailbox@publicjobs.ie**, nó i scríbhinn chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, poistphoiblí, Áras na Caibidle, Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1), ina leagann siad amach na fíricí a léiríonn, dar leo, go bhfuil an beart a rinneadh nó an cinneadh a rinneadh mícheart.
- Déanfaidh duine atá iomlán neamhspleách ón bpróiseas roghnaithe fiosrúchán maidir leis an nGearán Foirmiúil.

Ní foláir toradh an Ghearáin Fhoirmiúil a chur in iúl don iarrthóir laistigh de **25 lá oibre** ó fuarthas an t-iarratas ar athbhreithniú de ghnáth. Mura ndéantar cinneadh de bharr an fhiosrúcháin le linn na tréimshe ama seo, ní mór do poistphoiblí an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas maidir le stádas an athbhreithnithe agus maidir le cúiseanna na moille.

Tá tuilleadh eolais faoin nós imeachta thuas ar fáil sa *Chód Cleachtais do Cheapacháin i bPost sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí* atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí www.cpsa.ie

Iarratais ar Aiseolas/Thrialacha a Athsheiceáil

Tá aiseolas maidir leis an bpróiseas roghnaithe ar fáil má lorgaítear é i scríbhinn. Níl aon tréimhse ama ar leith i gceist maidir le haiseolas a fháil maidir le hathscrúdú.

Tabhair faoi deara gur próiseas éagsúil an Próiseas Athbhreithnithe mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais agus go bhfuil tréimhse ama ar leith ar gá cloí léi i gceist. Níl sé riachtanach aiseolas a fháil chun athbhreithniú a lorg. Ní gá d'iarrthóir cás mionsonraithe a chur le chéile sula gcuirtear tús le hachomharc. Ní féidir síneadh a chur leis an tréimhse ama atá leagtha amach i gCód an CCSP ar chúis ar bith, lena n-áirítear aiseolas agus/nó torthaí athscrúduithe.

Eolas Ginearálta

CLICEÁIL ANSEO chun teacht ar Eolas Ginearálta, Dualgais an Iarrthóra agus an RGCS san áireamh.

poistphoiblí
publicjobs

poistphoiblí
Áras na Caibidle,
26/30 Sráid na Mainistreach Uachtarach,
Baile Átha Cliath I.
Eircode: D01 C7W6.
Fón: 01 858 7400

Is féidir leat coinneáil suas chun dáta linn ar **publicjobs.ie** agus trí muid a leanúint ar na hardáin shóisialta: